



An Roinn Oideachais  
agus Scileanna  
Department of  
Education and Skills

## **Príomhghnéithe Cháinainéis 2019:**

### **Oideachas agus Scileanna**

**Nóta Faisnéise**

**An Roinn Oideachais agus Scileanna**

**9 Deireadh Fómhair 2018**




## Forléargas

### Ag soláthar an Phlean Gníomhaíochta don Oideachas trí infheistíocht bhreisithe

Tacóidh an caiteachas ar Oideachas agus Scileanna in 2019 le soláthar na ngealltanais a tugadh faoin bPlean Gníomhaíochta don Oideachas, ina leagtar amach an uailmhian náisiúnta atá againn, is é sin a bheith ar an tseirbhís oideachais agus oiliúna is fearr san Eoraip faoin mbliain 2026.




Is ionann agus €10.763 billiún (tábla 1) an t-oll-leithdháileadh caiteachais don Roinn Oideachais agus Scileanna in 2019. Sin €674 milliún (6.7%) níos airde ná leithdháileadh na Roinne in 2018 agus is é **an caiteachas is airde riamh é ar oideachas agus scileanna, agus freisin an leithdháileadh caipitil is mó riamh** don Roinn (€941 milliún). Beidh an leithdháileadh sin €1.7 billiún (18.6%) níos airde ná leithdháileadh na bliana 2016 (cairt 1).

 An Roinn Oideachais agus Scileanna Department of Education and Skills		An Roinn Oideachais agus Scileanna Tábla 1: Oll-leithdháileadh 2019	
	<u>REV 2018</u>	<u>Cáinainéis 2019</u>	
<b>Leithdháileadh an státchiste don ollchaiteachas reatha</b>	€8,928m	€9,338m	
<b>Leithdháileadh an státchiste don ollchaiteachas caipitil</b>	€745m	€941m	
<b>Leithdháileadh don Chiste Náisiúnta Oiliúna</b>	€415m	€484m	
<b>Iomlán an oll-leithdháilte fhoriomláin</b>	€10,088m	€10,763m	

## LÁNCHOSC GO dtÍ TAR ÉIS ÓRÁID NA CÁINAISNÉISE

CAIRT 1: OLLCHAITEACHAS LEITHDHÁILTE AR OIDEACHAS & SCILEANNA 2016 - 2019



Current voted=Caiteachas reatha vótáilte, Current NTF=NTF reatha, Capital=Caipiteal

## Achoimre ar bhearta Cháinainéis 2019

**Poist bhreise i scoileanna:** Breis agus 1,300 post breise i scoileanna, lena n-áirítear 950 post breise do Chúntóirí Riachtanas Speisialta chomh maith le 372 post múinteoireachta chun freastal ar dhéimeagrafaic agus ar ranganna speisialta breise.

**Cistiúchán Caipitíochta agus feidhmíochta méadaithe:** Méadú 5% ar chaipitíocht scoileanna ó mhí Mheán Fómhair 2019 ar aghaidh, agus méadú €10 milliún ar chistiúchán scoile thar scoilbhliain 2019/20 (€4 milliún in 2019). Cistiúchán breisithe don Chiste Sármhaitheasa Scoileanna sa chaoi go mbeidh breis agus €2.5 milliún in aghaidh na bliana á fháil aige.

**Tacaíocht do cheannaireacht scoile agus don fholláine:** Tacaíocht do cheannaireacht scoile agus laethanta scaoilte sa bhreis á gcur ar fáil do phríomhoidí teagaisc i mbunscoileanna

**Infheistíocht Bhreisithe san Ard-Oideachas** Pacáiste ar fiú €57 milliún é chun soláthar a dhéanamh do mhéadú déimeagrafach (3,500 áit bhreise), soláthar a dhéanamh do 1,000 áit bhreise ar chúrsaí *Springboard*, forbairt acmhainne, breis soláthair do roghanna maidir le foghlaim sholúbtha agus cistiúchán taighde.

**Printíseacht agus cúrsaí oiliúna:** Soláthar a dhéanamh do bhreis agus 7,000 rollachán printíseachta, 5,000 rollachán ar chúrsaí oiliúna agus deich gcinn de scéimeanna printíseachta nua

**Scileanna:** Cistiúchán breise á sholáthar d'fhorbairt an fhórsa saothair, (*Skillnet Ireland* agus tionscnaimh um fhorbairt fostaithe).

**Tionscnamh Caipitil Dhaonna:** Bunófar Mórthionscnamh Caipitil Dhaonna nua laistigh den Chiste Náisiúnta Oiliúna chun €300 milliún a

## LÁNCHOSC GO DTÍ TAR ÉIS ÓRÁID NA CÁINAISNÉISE

agus poist do phríomhoidí tánaisteacha riaracháin i scoileanna speisialta. Deichniúr síceolaithe breise don tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais.

**Ag feabhsú thorthaí na leanaí a bhfuil riachtanais chúraim sa bhreis acu:** €4.75 mhilliún chun feidhmiú an Athbhreithnithe Chuimsithigh ar Chúntóirí Riachtanas Speisialta a thosú.

**Caipiteal scoileanna:** Clár uailmhianach i dtaca le tógáil scoileanna a sholáthar ar bhonn leanúnach, ar clár é a sholáthróidh beagnach 23,000 áit scoile buan in 2019 agus an clár infheistíochta maidir le TFC a chur i bhfeidhm i scoileanna. Rachaidh tionscadail i mbeagnach 700 scoil ar aghaidh in 2019 faoi Scéim na nOibreacha Samhraidh.

leithdháileadh ó fharasbarr an Chiste Náisiúnta Oiliúna, chun freastal ar riachtanais scileanna an gheilleagair amach anseo agus infheistíocht bhreise a sholáthar san ardoideachas ar leibhéal 6-8.

**Caipiteal Ard-Oideachais/Breisoideachais agus Oiliúna** €150m don ardoideachas agus don bhreisoideachas agus don oiliúint agus taighde. Cuirfear tionscadail nua chun cinn in earnáil an ardoideachais an bhliain seo chugainn lena n-áirítear campas innealtóireachta d'Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh (LIT), uasghrádú suntasach ar STEM agus ar áiseanna teagaisc ag Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan, agus Institiúid E3 ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

**Bearta pá agus costais pinsean:** €122 milliún mar sholáthar chun bearta pá a chur i bhfeidhm agus €147 chun soláthar a dhéanamh do chostais pinsean in earnáil an oideachais

## Scoileanna agus Oideachas Speisialta

### *Cistiúchán Breisithe do Scoileanna:*

Cuirfear méadú 5% ar chaipitíocht scoileanna ó mhí Mheán Fómhair 2019. Ciallaíonn sé sin **go gcuirfear €10 milliún de chistiúchán breise ar fáil do scoileanna thar scoilbhliain 2019/2020**, agus cuirfear €4 mhilliún de sin ar fáil in 2019.

Chomh maith leis sin, déanfar costais chaipitíochta a sholáthar freisin do bhreis agus 4,500 rollachán nua mar chuid de leithdháileadh déimeagrafaice na Roinne.

### *Ag tacú le sármhaitheas agus le nuálaíocht*

Cuirfear €0.5 milliún breise leis an **gCiste Sármhaitheasa Scoileanna**, sa chaoi go mbeidh breis agus €2.6 milliún sa chiste. Is cistiúchán spriocdhírthe é sin chun tacú le sármhaitheas, nuálaíocht agus comhar trí chnuasaigh scoileanna. (tábla 2)

### **Tábla 2: Na Tosaíochtaí atá ag an gCiste Sármhaitheasa Scoileanna agus Cnuasaigh**

**DEIS:** Tacú leis na cnuasaigh scoileanna atá rannpháirteach ann réitigh nua, nuálacha a iniúchadh chun dul i ngleic le

## LÁNCHOSC GO dtÍ TAR ÉIS ÓRÁID NA CÁINAISNÉISE

míbhuntáiste oideachasúil agus feabhas a chur ar thorthaí foghlama do scoláirí.	
<b>Digiteach:</b> tacaíonn sé le scoileanna chun oibriú i gcomhar ar thionscadail ina n-úsáidtear modhanna airgtheacha chun teagasc agus foghlaim a fheabhsú trí theicneolaíocht dhigiteach.	
<b>Cruthaitheach:</b> tacaíonn sé le cnuasaigh scoileanna an ealaín agus an chruthaitheacht a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chomhroinnte nó chun torthaí foghlama níos fearr a bhaint amach.	
<b>STEM:</b> tacaíonn sé le scoileanna chun oibriú i gcomhar ar thionscadail ag teacht le pleananna an Rialtais teagasc agus foghlaim na n-ábhar STEM a chur chun cinn.	
<b>Céim in airde:</b> spreagann sé féinmheastóireacht agus feabhsú sa teagasc agus san fhoghlaim i réimsí tosaíochta roghnaithe.	
<b>Gaeltacht:</b> ceadáítear do bhunscoileanna atá rannpháirteach i Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta a n-uaireanta breise tacaíochta páirtaimseartha don Ghaeilge a chur le chéile chun post múinteoireachta lánaimseartha comhroinnte a chruthú ar bhonn sealadach.	
<b>Ceannaireacht:</b> éascaítear scoileanna chun oibriú i gcomhar ar thionscadail nuálacha chun ceannaireacht scoile a fheabhsú	




### *An líon múinteoirí a mhéadú chun soláthar a dhéanamh do dhéimeagrafaic*

Cuirfear €41.2 milliún de chistiúchán breise ar fáil do dhéimeagrafaic scoile in 2019. Ag teacht leis na réamh-mheastacháin déimeagrafaice atá curtha ar fáil ag an Roinn Oideachais agus Scileanna<sup>1</sup> agus an tAthbhreithniú Caiteachais ar thiomántóirí pá i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe<sup>2</sup>, déanfaidh sé sin soláthar do **ghlanlíon de 271 múinteoir breise** ó mhí Mheán Fómhair 2019 ar aghaidh. Beidh breis agus 70,000 múinteoir ann in 2019, i gcomparáid le 63,665 ag deireadh na bliana 2015 (cairt 2).

<sup>1</sup> <https://www.education.ie/en/Publications/Statistics/projections-of-full-time-enrolment-primary-and-second-level-2018-2036.pdf>

<sup>2</sup> <https://www.per.gov.ie/wp-content/uploads/6.-Pay-Expenditure-Drivers-at-Primary-and-Secondary-Level.pdf>

## LÁNCHOSC GO dtÍ TAR ÉIS ÓRÁID NA CÁINAISNÉISE



Teachers=Múinteoirí, projected=réamh-mheasta

### *Ag tacú le leanaí a bhfuil riachtanais chúraim sa bhreis acu*

Déanfar soláthar cistiúcháin do **950 cúntóir riachtanas speisialta nua** agus déanfar iad sin a earcú in 2019. Ina theannta sin, cuirfear cistiúchán ar fáil do **101 múinteoir** i ranganna speisialta.

Cuirfear €4.5 milliún de chistiúchán ar fáil freisin chun tús a chur le feidhmiú an **Athbhreithnithe Chuimsithigh ar Scéim na gCúntóirí Riachtanas Speisialta**, a bhfuil sé mar chuspóir aige tacú le múnla nua maidir le hionchuimsitheacht scoile, chun na tacaíochtaí cearta ag an am ceart a sholáthar do scoláirí a bhfuil riachtanais chúraim sa bhreis acu. Déanfar fógra níos mionsonraithe in am trátha maidir le feidhmiú an Athbhreithnithe.

### *Ceannaireacht Scoile*

Tabharfar tacaíocht do cheannaireacht scoile trí lá scaoilte sa bhreis a chur ar fáil do **phríomhoidí teagaisc i mbunscoileanna agus ceithre lá scaoilte sa bhreis a chur ar fáil dóibh siúd i scoileanna a bhfuil ranganna speisialta acu** (cúig lá san iomlán).

Chun an t-ualach breise riaracháin a bhaineann le bainistíocht scoileanna speisialta a chur san áireamh ar bhealach réasúnach, ó mhí Mheán Fómhair 2019 ar aghaidh, cuirfear cistiúchán ar fáil chun **príomhoidí tánaisteacha riaracháin a leithdháileadh ar scoileanna speisialta** ina bhfuil Príomhoide móide 15 mhúinteoir ranga nó níos mó. Beidh 23 post ar fáil don chuspóir sin.

## LÁNCHOSC GO DTÍ TAR ÉIS ÓRÁID NA CÁINAISNÉISE

### *Folláine i scoileanna*

Déanfar deichniúr síceolaithe breise a earcú don tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, ag tógáil ar an 21 post breise a cuireadh ar fáil le dhá cháinainéis anuas. Chomh maith leis sin, ceadóidh an leathnú sin don tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais níos mó tosaíochta a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga atá thar a bheith leochaileach, lena n-áirítear freagraí níos saincheaptha a sholáthar maidir le tacaíocht a thabhairt do riachtanais agus iad a shásamh ag pointí rithábhachtacha aistrithe laistigh den chóras scoile agus tacóidh sé leis an *bPolasaí Folláine agus Creat Cleachtais 2018-2023* a fheidhmiú i scoileanna.

### *Athchóiriú curaclaim*

Cuirfear cistiúchán ar fáil laistigh de na hacmhainní atá ann cheana féin agus de na costais a thabharfar ar aghaidh chun tacú le tionscnaimh a bhaineann le hathchóiriú curaclaim:

- Tacaíocht d'athchóiriú churaclam na bunscoile: matamaitic agus eolaíocht na bunscoile (a tosaíodh in 2018);
- Athchóiriú na Sraithe Sóisearaí;
- Tacaíocht d'athchóirithe sa tSraith Shinsearach: an Pholaitíocht agus an tSochaí, Corpoideachas agus Eolaíocht Ríomhaireachta (a tosaíodh in 2018) agus Eacnamaíocht, Eolaíocht Talmhaíochta, Ealaín agus Matamaitic Fheidhmeach (a thosaíodh in 2019);
- Céimeanna feidhmithe eile de pholasaí scoile STEM, den Straitéis do Theangacha Iasachta agus den Straitéis don Oideachas Gaeltachta
- Tionscnaimh don chlár Éire Ildánach

### *An leibhéal soláthair seirbhísí atá ann cheana féin*

Gheobhaidh an Roinn €82 milliún breise freisin chun soláthar a dhéanamh do thabhairt ar aghaidh beart buiséadach roimhe seo agus an leibhéal éilimh ar sheirbhísí atá ann faoi láthair i roinnt réimsí, lena n-áirítear iompar scoile, a shásamh (gan aoisliúntas, a ndéantar soláthar ar leith dó, a chur san áireamh).

## **Ard-Oideachas agus Breisoideachas agus Oiliúint**

---

### *Infheistíocht a mhéadú san Ard-Oideachas, sa Bhreisoideachas agus Oiliúint agus i Scileanna chun tacú le caipiteal daonna na hÉireann*

Aithníonn an rialtas i gcónaí go bhfuil caipiteal daonna na hÉireann ar cheann de na príomhláidreachtaí eacnamaíocha atá againn agus go bhfuil sé rithábhachtach maidir le forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha amach anseo a chumasú. Déanfar **leithdháileadh breise de €85.3 milliún** ar an ardoideachas agus ar an mbreisoideachas agus oiliúint in 2019. Ina theannta sin, déanfar €13.6 milliún den chaiteachas ar Bhreisoideachas agus Oiliúint a ath-leithdháileadh laistigh de na hacmhainní reatha, rud a chuirfidh pacáiste iomlán de €98.9 milliún ar fáil do bhearta nua (tábla

## LÁNCHOSC GO dtÍ TAR ÉIS ÓRÁID NA CÁINAISNÉISE

3). Tá forléargas ar an mbealach a ndéanfar an cistiúchán breise a leithdháileadh leagtha amach dtábla 4.

**Tábla 3: Cistiúchán do bhearta nua san Ard-Oideachas/sa Bhreisoideachas agus Oiliúint (cistiúchán breise agus ath-leithdháilte)**

<b>Fáltas breise ón méadú 0.1% ar Thobhach an Chiste Náisiúnta Oiliúna in 2019</b>	€69m
<b>Leithdháileadh Breise an Stáichiste do dhéimeagrafaic san ardoideachas</b>	€16.3m
<b>Ath-leithdháileadh cistiúcháin le Breisoideachas agus Oiliúint chun tosaíochtaí eacnamaíocha a léiriú agus iad sin ag athrú</b>	€13.6m
<b><i>Iomlán</i></b>	<b>€98.9m</b>

**Tábla 4: Leithdháileadh an phacáiste iomláin cistiúcháin (cistiúchán breise agus ath-leithdháilte)**

<b>Ard-Oideachas (AO):</b>	€57.4m	
<b>Breisoideachas agus Oiliúint (FET)</b>	€35m (€21.4m sa bhreis)	
<b>Skillnet Ireland</b>	€6.3	
<b>Cláir eile de chuid an Chiste Náisiúnta Oiliúna (NTF)</b>	€0.2m	


Beidh an infheistíocht a dhéanfar san ardoideachas in 2019 tríd an Stáichiste agus tríd an gCiste Náisiúnta Oiliúna 17% níos airde ar an taobh reatha<sup>3</sup> agus 132% níos airde ar an taobh caipitil i gcomparáid le 2016 (cairt 3).

<sup>3</sup> Tá soláthar do bhearta pá agus d'aoisliúntas san áireamh ansin.



## LÁNCHOSC GO dtÍ TAR ÉIS ÓRÁID NA CÁINAISNÉISE

**CAIRT 3: COMPARÁID IDIR CAITEACHAS ARD-OIDEACHAIS: 2016 AND 2019 (€000)**



Capital=Caipiteal      Current=Reatha

### *Achoimre ar chlár agus ar aschuir san Ard-Oideachais/sa Bhreisoideachas agus Oiliúint*

Bainfear feidhm as an leibhéal suntasach infheistíochta sin chun maoiniú a dhéanamh ar éileamh déimeagrafach agus ar réimse de thionscnaimh sa chóras ardoideachais, chun spriocanna an Rialtais maidir le printíseacht agus cúrsaí oiliúna a bhaint amach, chun clár scileanna spriocdhírthe a fheabhsú, agus chun breis airgid a chaitheamh ar fhorbairt an fhórsa saothair agus ar thacaíocht d'Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide. Tá achoimre ar na clár leagtha amach i dtábla 5.

**Tábla 5: Clár agus aschuir Ard-Oideachais/ Bhreisoideachais agus Oiliúna ó Cháinainéis 2019**

<b>1000 áit bhreise ar fáil ar chúrsaí <i>Springboard</i>: Leithdháileadh de €34m in 2019, méadaithe ó €30m in 2018</b>	€4m
<b>An ciste um Fheidhmíocht agus Nuálaíocht san Ard-Oideachas: Tá an méid sin sa bhreis ar an €7m a leithdháileadh in 2018</b>	€10m
<b>Ciste taighde d'Institiúidí Teicneolaíochta/d'Ollscoileanna Teicneolaíochta</b>	€5m
<b>Forbairt acmhainne sa teagasc agus san fhoghlaim in Institiúidí Ard-Oideachais</b>	€5m
<b>Soláthar breise d'fhoghlaim sholúbtha/d'ualú do sholáthar ar líne san Ard-Oideachas</b>	€4.5m
<b>Forbairt acmhainne sa bhainistíocht agus sa cheannaireacht in Institiúidí Ard-Oideachais</b>	€0.5m
<b>Bearta polasaí eile</b>	€1.5m
<b>Ag freastal do bhrú Déimeagrafach san Ard-Oideachas (3,500 áit bhreise)</b>	€21.3m
<b>Foireann bhreise don Údarás um Ard-Oideachas chun tionscnaimh san Ard-Oideachais a chur i bhfeidhm</b>	€0.6m
<b>Breis agus 7,000 clárúchán printíseachta (méadú de 1,200), 5,000 rollachán ar chúrsaí oiliúna (méadú de 1,100) agus deich gcinn de scéimeanna nua printíseachta</b>	€29m

## LÁNCHOSC GO DTÍ TAR ÉIS ÓRÁID NA CÁINAISNÉISE

Clár BOO maidir le Forbairt Fostaithe do 5,000 oibrí	€11m
Ag tacú le Skillnet Ireland chun bearnaí scileanna sa gheilleagar a líonadh (Leithdháileadh de €28 milliún in 2019, méadaithe ó €21.7m)	€6.3m
Cláir eile atá á maoiniú ag an gCiste Náisiúnta Oiliúna	€0.2m
<b>IOMLÁN</b>	<b>€98.9</b>

Ina theannta sin, feabhsófar na seirbhísí comhairleoireachta in institiúidí ardoideachas. Bainfear feidhm as an bpróiseas don idirphlé straitéiseach agus as na comhaontuithe feidhmíochta idir an tÚdarás um Ard-Oideachas agus na hInstitiúidí Ard-Oideachais chun an soláthar agus an seachadadh reatha sa réimse sin a mheas, agus chun an bealach is oiriúnaí chun seirbhísí comhairleoireachta a neartú le linn 2019 a chinneadh.

### *Tionscnamh Caipitil Dhaonna – Scileanna don Gheilleagar*

Ó mhí Eanáir 2020 ar aghaidh, bunófar líne nua cistiúcháin imfhálaithe, an Tionscnamh Caipitil Dhaonna, laistigh den Chiste Náisiúnta Oiliúna chun €60 milliún in aghaidh na bliana a infheistiú ón bhfarasbarr carntha, thar thréimhse cúig bliana. Bainfear feidhm as an leithdháileadh imfhálaithe, ina mbeidh €300 milliún san iomlán thar an tréimhse 2020-2024:

- Chun bheith mar phríomhchuid de fhreagairt straitéiseach an Rialtais do Brexit and do dhúshlán eile atá roimh an ngeilleagar;
- Chun riachtanais scileanna an gheilleagair amach anseo a shásamh agus chun infheistíocht bhreise a dhéanamh san Ard-Oideachais ar leibhéal 6-8;
- Chun dul i ngleic le riachtanais scileanna ar an leibhéal Réigiúnach trí na Scileanna Réigiúnacha;
- Chun ról níos mó a thabhairt d'fhostóirí maidir le treo straitéiseach an Chiste a chinneadh; agus
- Chun cead a thabhairt d'earnáil an Oideachais cur chuige níos meántearmaí a ghlacadh maidir le buiséadú trí leithdháileadh ilbhliantúil comhaontaithe.

Cinntoidh na critéir dhiana i dtaca le maoirseacht agus úsáid an chiste go mbeidh an cistiúchán ag teacht leis an mbeartas fioscach foriomlán agus ráthóidh siad go gcoinneofar farasbarr leordhóthanach sa Chiste i gcónaí. Cuirfear tuilleadh eolais faoin tionscnamh ar fáil in am trátha, lena n-áirítear sonraí faoi ghlaonna iomaíocha do chlár nua a bheidh á maoiniú faoin tionscnamh.

### *Infheistíocht a dhéanamh trí Chiste Náisiúnta Oiliúna athchóirithe*

Choimisiúnaigh an Roinn Oideachais agus Oiliúna athbhreithniú neamhspleách ar an gCiste Náisiúnta Oiliúna mar chuid de phacáiste athchóirithe a fógraíodh in éineacht leis an gcinneadh a glacadh i gCáinainéis 2018 tobhach an Chiste Náisiúnta Oiliúna a ardú. Rinneadh é sin i ndiaidh próiseas comhairliúcháin leis na príomhpháirtithe leasmhara, agus lena linn sin ardaíodh ceisteanna maidir leis an trédhearcacht a bhain le húsáid an Chiste, ailíniú an chaiteachais le riachtanais fostóirí agus ról na bhfostóirí i dtaca le bonn eolais a chur faoi thosaíochtaí caiteachais.

## LÁNCHOSC GO DTÍ TAR ÉIS ÓRÁID NA CÁINAISNÉISE

D'fhoilsigh an tAire Oideachais agus Scileanna an t-athbhreithniú neamhspleách, a chuir Indecon i gcrích, ar an 17 Lúnasa 2018<sup>4</sup>. Bhí ceithre cinn déag de mholtaí sonracha ar fud ceithre phríomhréimse sa tuarascáil:

- Athchóiriú ar threo an Chiste Náisiúnta Oiliúna amach anseo.
- Leas a bhaint as an gCiste Náisiúnta Oiliúna chun tacú le hinfheistíocht san Ard-Oideachas.
- Rannpháirtíocht agus ionchur fiontar i dtosaíochtaí an Chiste Náisiúnta Oiliúna a bhreisiú.
- Feabhas ar fhaireachán/mheastóireacht an Chiste Náisiúnta Oiliúna.

Tá Plean Feidhmíochta chun na moltaí sin a chur i bhfeidhm á fhoilsiú in éineacht leis an gCáinainéis. Ina theannta sin, tá roinnt céimeanna á nglacadh mar chuid de Cháinainéis 2019 chun ailíniú leis na moltaí a leagtar amach sa tuarascáil:

- **Tacaíocht bhreise do riachtanais atá gar don mhargadh saothair:** cuireadh cistiúchán breise ar fáil chun leanúint de bheith ag cur le líon na bprintíseachtaí agus na gcúrsaí oiliúna, chun líon na n-áiteanna ar *Springboard* a mhéadú, chun tacú le *Skillnet Ireland* chun na bearnaí scileanna sa gheilleagar a líonadh, agus chun infheistíocht a dhéanamh i gclár nua de chuid BOO maidir le forbairt fostaithe.
- **Bainfidh an Tionscnamh Caipitil Dhaonna úsáid as cuid d'fharasbarr an Chiste Náisiúnta Oiliúna chun scileanna a fhorbairt don mhargadh saothair.**
- **Ag díriú níos mó ar thacú le hoiliúint ionchuideachta** Tá €6.3 milliún de chistiúchán breise á chur ar fáil ag an gCiste Náisiúnta Oiliúna do *Skillnet Ireland* in 2019 agus tá líne cistiúcháin nua de €11 milliún á soláthar aige chun creat nua SOLAS/BOO maidir le scileanna nua a thabhairt d'oibrithe nach bhfuil sách cáilithe a chur i bhfeidhm.
- **An cistiúchán a chuir an Ciste Náisiúnta Oiliúna ar fáil don Bhreisoideachas agus Oiliúint i gcomhair cláir fostaíochta faoi bhun leibhéal 5 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí a athleithdháileadh ar an Státchiste:** Cuireadh dlús leis an bpróiseas sin, a tosaíodh i gCáinainéis 2018, i gCáinainéis 2019. Déanfar luach €57 milliún d'infheistíocht i gcláir a bhfuil gníomhaíocht shuntasach faoi bhun leibhéal 5 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí iontu, ar cláir iad ar cuireadh acmhainní ar fáil dóibh ón gCiste Náisiúnta Oiliúna roimhe seo, a mhaoiniú ón Státchiste anois.
- **Tá feidhm á baint as an gCiste Náisiúnta Oiliúna chun tacú le cláir scileanna atá gar don mhargadh saothair i réimsí ina bhfuil riachtanais scileanna sainaitheanta:** Tá an tacaíocht a thugtar don ardoideachas atá dírithe ar fhiontraíocht méadaithe ó €37 milliún in 2018 go dtí €129 milliún in 2019. Déanfar an infheistíocht sin i réimsí ina bhfuil riachtanais scileanna sainaitheanta faoi mar atá léirithe san Fheasachán Náisiúnta Scileanna agus atá ag teacht leis

<sup>4</sup> Ar fáil ag: <https://www.education.ie/en/Press-Events/Press-Releases/2018-press-releases/PR18-08-17.html>

## LÁNCHOSC GO dtÍ TAR ÉIS ÓRÁID NA CÁINAISNÉISE

na tosaíochtaí a bhunaigh an Chomhairle Náisiúnta Scileanna. Faoi mar a tharla i gCáinainéis 2018, maoiníofar cuid de na cláir ina n-iomláine ón gCiste Náisiúnta Oiliúna mar chuid den infheistíocht sin. Leagtar amach na mórathruithe ar sholáthar an Chiste Náisiúnta Oiliúna in 2019 i dtábla 6.

Tábla 6: Athruithe ar sholáthar an Chiste Náisiúnta Oiliúna	Athruithe in 2019
<b>Aistriú soláthair áirithe Ard-Oideachais atá ábhartha d'fhostóirí ón Vóta chuig an gCiste Náisiúnta Oiliúna</b>	€83.1m
Caiteachas breise ar Phrintíseachtaí agus ar chúrsaí Oiliúna	€29m
Caiteachas breise ar <i>Springboard</i>	€4m
Caiteachas Breise ar <i>Skillnet Ireland</i>	€6.3m
Caiteachas Nua ar Chlár BOO maidir le Forbairt Fostaithe	€11m
Méaduithe eile	€0.2m
<i>Ath-leithdháileadh laistigh den Chiste Náisiúnta Oiliúna chun costais bhreise i dtaca le printíseacht a sheasamh</i>	-€7m
<i>Cláir nach bhfuil chomh hábhartha sin do riachtanais fostóirí a aistriú chuig an Vóta</i>	-€57.6m
<b>Iomlán</b>	<b>€69m</b>

## Infheistíocht chaipitil


### Tionscadal Éireann 2040



Forálann Tionscadal Éireann 2040 d'infheistíocht €11.9 billiún in earnáil an oideachais agus na hoiliúna thar an tréimhse 2018 go dtí 2027. Ceadáíonn an leibhéal cistiúcháin sin infheistíocht a dhéanamh in áiseanna den chineál is nua-aimseartha inár scoileanna, inár n-institiúidí ardoideachais agus breisoideachais agus oiliúna agus beidh tionchar bunathraitheach ag an infheistíocht sin ar an gcóras oideachais.

### Leithdháileadh caipitil 2019


Is ionann agus €941 milliún leithdháileadh caipitil na Roinne do 2019, sin méadú de bhreis agus €196m ar leithdháileadh caipitil na bliana 2018. Is é sin an leithdháileadh caipitil bliantúil is mó riamh d'earnáil an oideachais (taispeánann cairt 4 an treocht le blianta beaga anuas).



\* Tabhair faoi deara: Bhí an t-olltoradh in 2016 €100 milliún níos airde mar gur ceadáíodh meastachán forlíontach chun caiteachas caipitil a mhéadú.

## LÁNCHOSC GO DTÍ TAR ÉIS ÓRÁID NA CÁINAISNÉISE

Tá an miondealú ar an leithdháileadh de €941 milliún do 2019 leagtha amach in gcairt 5.



### *Ag infheistiú i scoileanna*

Déanfaidh an méid sin soláthar **an chláir uailmhianaigh do thógáil scoileanna** a éascú an bhliain seo chugainn, lena áirithiú go mbeidh dóthain áiteanna ar fáil dóibh siúd atá in aois scoile. Soláthróidh sé sin suas le 23,000 áit scoile buan in 2019. Ina theannta sin, déanfar €50 milliún a leithdháileadh chun an clár infheistíochta maidir leis an mbonneagar TFC inár scoileanna a uasghrádú, a chur i bhfeidhm go leanúnach.

Rachaidh tionscadail i mbreis agus 700 scoil chun cinn in 2018 faoi Scéim na nOibreacha Samhraidh. I measc na n-oibreacha sin beidh athsholáthar fuinneoga, tionscadail do riachtanais churaclaim, feabhsúcháin struchtúracha eile agus tionscadail a bhaineann leis an timpeallacht sheachtrach.

Gheobhaidh gach bunscoil an deontas €29 milliún do mhionoibreacha i mí na Nollag nó go luath i mí Eanáir i ngach scoilbhliain.

### *Ag infheistiú san ardoideachas agus sa bhreisoideachas*

San áireamh freisin sa leithdháileadh do 2019 tá breis agus €150 milliún don **Ard-Oideachas, don Bhreisoideachas agus d'Oiliúint agus Taighde**. Cuirfear tionscadail nua chun cinn in earnáil an ardoideachais an bhliain seo chugainn lena n-áirítear campas innealtóireachta d'Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh (LIT), uasghrádú suntasach ar STEM agus ar áiseanna teagaisc ag Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan, agus Institiúid E3 ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

## Beartha Pá agus Pinsin:

---

### *Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí agus an cheist a bhaineann leis an scála tuarastail d'iontrálaithe nua*

Leithdháileadh €122 milliún chun soláthar a dhéanamh do Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2018-2020, don cheist a bhaineann leis an Scála Tuarastail d'Iontrálaithe Nua agus do chéim 2019 den eadráin maidir le rúnaithe, feighlithe agus glantóirí scoile. San áireamh sa chistiúchán tá:

- An costas a bhaineann leis an gcomhaontú a fógraíodh le déanaí maidir le hathbhunú Tuarastail d'iontrálaithe nua;
- An costas a bhaineann leis an íocaíocht 1% a rinneadh le gach fostaí sa tseirbhís poiblí ar an 1 Deireadh Fómhair 2018 a thabhairt ar aghaidh;
- An costas a bhaineann leis an íocaíocht 1% atá le déanamh ar an 1 Eanáir 2019 le fostaithe sa tseirbhís poiblí atá ag saothrú níos lú ná €30,00 ina aghaidh na bliana;
- An costas a bhaineann leis an íocaíocht 1.75% atá le déanamh le gach fostaí sa tseirbhís poiblí ar an 1 Meán Fómhair 2018;
- An costas an bhaineann le hathbhunú pá a íoc leo siúd a shaothraíonn tuarastal ard agus lena thabhairt ar aghaidh;
- An costas a bhaineann le méaduithe ar na tairseacha tuarastail chun go n-íocfadh fostaithe sa tseirbhís poiblí an Ranniocaíocht Aoisliúntais Bhreise (an Asbhaint a Bhaineann le Pinsean roimhe seo).

Comhlánaíonn an beart maidir le hiontrálaithe nua an feabhas ar phá tosaigh atá comhaontaithe cheana féin agus ciallaíonn sé sin gurb ionann agus €36,318 an tuarastal tosaigh reatha do mhúinteoir agus ardóidh sé sin arís go dtí €37,692 i mí Dheireadh Fómhair 2020.

### *Riachtanais aoisliúntais*

Le blianta beaga anuas, bhí gá le meastacháin fhorlíontacha chun costais áirithe a bhaineann le dul ar scor a mhaoiniú. Mar thoradh ar theagmháil idir an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER), a mbuntacaíonn an t-athbhreithniú achtúireach ar dhliteanais i dtaca le pinsin na seirbhíse poiblí a chuir DPER i gcrích le déanaí agus páipéar Athbhreithnithe Caiteachais maidir le tiomántóirí an chaiteachais pá ar leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile leis, cuirfear €147 milliún breise ar fáil i gcomhair aoisliúntais chun na costais leanúnacha pinsin atá réamh-mheasta agus na costais réamh-mheasta a bhaineann le híocaíochtaí aisce a sheasamh.

## LÁNCHOSC GO dTÍ TAR ÉIS ÓRÁID NA CÁINAINSNÉISE

Tá a líon siúd atá tuartha a dhul ar scor agus líon na bpinsinéirí do 2018 mórán ar aon dul leis na treochtaí le blianta beaga anuas.